18.439

A Chara,

Tá 9 gComhaoirleoir Chondae I gCeantar Chonamara, 6 I gConamara Thuaidh agus 3 I gConamara Theas.

Fágann sé seo Ceantar An Cheathrú Rua agus Ceantar na n-Oileáin,(Leitir Móir), gan aon Comhaoirleoir Condae ina gcónaí sna ceantair seo.

Ó thaobh ionadaíocht agus daonlathas de, tá 4 Chomhaoirleoir I gCeantar Uachtar Ard agus Maigh Cuilinn agus and 2 Chomhaoirleoir sa gClochán.

Tá an daonra is airde ina gcónaí le cósta i gConamara Theas ar an R336 agus Oileáin Árainn is Ceantair Ghaeltachta iad.

Molaim gur cheart 3 Cheantar Todhcháin le 3 ionadai i ngach Ceantar a dhéanamh do Chonamara. Aitheantas a thabhairt don Ghaeltacht ionadaí a bheith acu a leanas:

1. Oileáin Árainn agus Ceantar Chonamara Theas ó Na Forbacha go Leitir Mealláin and Carna.

2. Tuaisceart Chonamara ón gClochán ar an N59 go Maigh Cuilinn.

3. Maigh Cuilinn go Gaillimh chomh maith leis Na Forbacha Thoir go Gaillimh.

Déanfaidh sé seo cinnte gurbh as na Ceantair a bhfuil na Comhairleoiri tofa agus nach as ceantar eile a mbeidh siad ag obair agus iad soiléar cén Ceantar agus pobal a bheidh le freastal acu.

Creidim go dtabharfaidh an leagan amach seo cothrom na féinne agus daonlathas do gach Cheantar agus don Ghaeltacht.

Is mise, le meas,

Jimí Ó Lorcáin,

Sprioc dáta 31/05/2018